Ag Cur lenár bhFís

FÁS Ráiteas Straitéise 2006-2009

Achoimre

Foras Áiseanna Saothair
Training & Employment Authority

www.fas.ie

AR AN STRAITÉIS

LLACHT
a, dúshláin agus
FÁS a mheas

S
argaidh saothair a chur ar fáil

EAN
he atá níos iomaíche
r chun cinn, i gcomhar
hara, trí scileanna agus
us fiontar a fheabhsú

CHANNA

RDTOSAÍOCHTA
ACHTRACH
n Margadh Saothair
r an Lucht Saothair
Mhargaidh Saothair
um Acmhainní Daonna agus Scileanna
eirbhísí do Chustaiméirí
mhionannas agus Éagsúlacht

HEANÁCH
theas Eagrúcháin
l agus Margaíocht

S FEIDHMÍOCHTA

Réamhrá

Is é seo an dara Ráiteas Straitéise de chuid FÁS. Chlúdaigh an chéad cheann an tréimhse 2002-2005. Sainaithníonn an dar Ráiteas Straitéise dúshláin agus deiseanna nua do FÁS sa tréimhse 2006-2009. Gabhadh próiseas cuimsitheach de chomhairliúchán inmheánach agus seachtrach, a threoraigh Bord FÁS, de láimh. Chuidigh próiseas an chomhairliúcháin, chomh maith le hathbhreithniú ar thuarascálacha tábhachtacha ar thaighde agus ar bheartas, an comhthéacs straitéiseach a shainaithint agus cuspóirí nua straitéiseacha a mhúnlú agus tosaíocht a chur orthu.

An Geilleagar

Is gné thábhachtach den chomhthéacs straitéiseach neart leanúnach gheilleagar na hÉireann. Tháinig méadú de dhá oiread ar an geilleagar, de réir an Olltáirge Náisiúnta (OTN) sa deich mbliain a chuaigh thart agus mhéadaigh caighdeáin mhaireachtála thart faoi 50%. Réamh-mheastar go mbeidh fás de 5% go 6% sa ghearrthéarma, le leibhéal socair go dtí deireadh an deichid. Tá an ráta dífhostaíochta ar cheann de na cinn is ísle san AE (4.3%) agus réamh-mheastar go

Straitéis Fiontair a chur san áireamh. Déanann an tuarascáil moltaí maidir leis an leagan amach ar Chláir agus Seirbhísí Oiliúna FÁS a mbeidh gá leo san am le teacht.

Tionchair Beartas

Is éard atá i gceist le Straitéis Lisbon ná an Eoraip a mhúnlú mar an geilleagar is fearr iomaíochta ar domhan, á chlaochlú ina gheilleagar atá bunaithe ar eolas faoi 2010. is iad na cuspóirí a bhaineann le Straitéis Lisbon ná : lánfhostaíocht, cumas iomaíochta níos fearr, cur le scileanna/foghlaim fad saoil do chách; cuimsitheacht shóisialta agus comhtháthú sóisialta níos treise.

In Éirinn tá na cuspóirí seo i gceartlár an Chláir Oibríochta um Fhostaíocht agus Acmhainní Daonna (COFAD), an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht (PGNF). Cé go bhfuil aitheantas tugtha ag an Rialtas agus ag na comhpháirtithe sóisialta eile nach mór cur le scileanna daoine atá ag obair, níl ach roinnt bheag dul chun cinn déanta go dtí seo, faoi mar atá in a lán stát de chuid an AE. Caithfidh tionscnaíochtaí beartais foghlaim fad saoil a chur i bhfeidhm ag éascú agus ag tacú le daoine agus le fiontair chun rochtain ar oiliúint agus oideachas atá cuí.

Straitéis Náisiúnta um Acmhainní Daonna agus Fhorbairt Scileanna

Creideann FÁS nach mór d'Éirinn Straitéis náisiúnta um Acmhainní Daonna agus Fhorbairt Scileanna[2] a chur i dtoll a chéile don fhórsa saothair a bhaineann le hábhar na riachtanas sóisialta agus eacnamaíochta atá ag Éirinn agus lena leibhéal d'fhorbairt má tá fúinn an infheistíocht atá ag teastáil i bhForbairt Acmhainní Daonna agus oiliúint a spreagadh agus a threorú. Ní mór an straitéis seo a dhreasú go cúramach ag gach leibhéal, lena n-áirítear na ranna agus na háisínteachtaí Rialtais ar fad a bhaineann le hábhar, FÁS agus na comhpháirtithe sóisialta san áireamh. Ní mór dó cinntiú go gcomhoibríonn geallsealbhóirí chun spriocanna agus tosaíochta na coitiantachta a bhaint amach.

Cuimsitheacht Shóisialta agus Comhionannas i Margadh an tSaothair

In Éirinn, faoi mar atá i ngach geilleagar atá bunaithe ar scileanna arda, téann leibhéil neamhinghlactha de ghátar agus d'eisiamh i bhfeidhm ar go leor daoine. Tá constaicí ar oiliúint agus fostaíochta os coinne go leor daoine agus grúpaí fós. Tá an eagla go gcaillfear teidlíochtaí sochair ar cheann de na constaicí is mó maidir le comhionannas agus obair.

Tá sé de rún ag FÁS oibriú le ranna agus áisínteachtaí eile chun na constaicí seo a bhaint agus chun dreasachtaí a chur ar fáil a spreagann daoine chun dul i mbun oibre. Tá rochtain ar sheirbhísí poiblí den scoth mar na cinn a chuireann FÁS ar fáil sainaitheanta ag an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (CNES), an tÚdarás um Chomhionannas agus an tÚdarás Náisiúnta um Míchumas mar ghné thar a bheith tábhachtach chun cur le comhionannas i margadh an tsaothair agus le cuimsitheacht shóisialta le haghaidh na ngrúpaí seo.

ach don lucht saothair a fhorbairt trí oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an
omhthéacs na hindibhide. Ní chuireann sé gnéithe Bainistíochta Acmhainní Daonna

- 2,300 d'fhoireann ar fud na tíre
- Is mná iad 22% de na bainisteoirí
- 18 Ionaid Oiliúna
- 70 Oifigí Seirbhísí Fostaíochta.

FORBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS

Fís

A bheith ar fheabhas maidir le cur ar fáil seirbhísí a bhaineann le margadh an tsaothair.

Cuireann seo an bhéim nua ar chur ar fáil seirbhísí den scoth a bhaineann le margadh an tsaothair ar fáil de réir caighdeán idirnáisiúnta aitheanta san áireamh.[3].

Ráiteas Bunchuspóra

Geilleagar níos cuimsithí atá bunaithe ar eolas a chur chun cinn i gcomhar lenár ár gcuid geallsealbhóirí, ag leasú scileanna agus cumais daoine agus fiontar.

Cuireann FÁS comhbhéim ar a bheith ag baint amach tosaíochtaí náisiúnta eacnamaíochta agus sóisialta. Déanann sé seo trí uasghrádú scileanna agus cumais daoine agus fiontar.

Luachanna Bunúsacha

- *Cúram, Cuimsitheacht agus Comhionannas*
- *Seirbhís Réamhghníomhach do Chustaiméirí*
- *Nuálaíocht agus Solúbthacht*
- *Muinín agus Comhpháirtíocht*
- *Gairmiúlacht*
- *Éifeachtacht ó thaobh Costais de*

Léiríonn siad seo béim níos láidre ar sheirbhís atá dírithe ar an gcustaiméir, Cláir agus Seirbhísí ar chaighdeán níos airde, nuálaíocht, solúbthacht agus luach airgid.

Spriocanna Ardtosaíochta

Léiríonn na hOcht Spriocanna Ardtosaíochta anseo thíos an gá le cumas iomaíochta eacnamaíochta a chothú, leibhéil de tháirgiúlacht a mhéadú trí chur le scileanna an fhórsa oibre agus cuimsitheacht shóisialta agus comhionannas i margadh an tsaothair a fheabhsú le haghaidh réimse daoine míchumasaithe. Tá na spriocanna seo comhlán agus baineann an luach céanna le gach ceann acu. Ní mór gach ceann acu a bhaint acu má tá faoi FÁS a mhisean a chomhlíonadh.

Sa chéad cheithre bhliain eile díreoidh FÁS, mar sin, ar na cuspóirí straitéiseacha mór le rá seo a leanas:-

- Sprioc 1: **Ag dul isteach i Margadh an tSaothair**
  Réimse seirbhísí réamhghníomhacha atá comhcheangailte le poist a chur ar fáil, chomh maith le tacaíocht agus cláir chun cuidiú le daoine teacht nó filleadh go margadh gníomhach an tsaothair.
- Sprioc 2: **Forbairt den Fhórsa Oibre**
  Forbairt den fhórsa oibre a chur chun cinn sag uasghrádú an chumas agus na gcáilíochtaí atá ag an bhfórsa oibre agus ag cur Clár agus Seirbhísí Oiliúna aimsithe ar fáil agus d'fhostóirí agus d'fhostaithe, lena n-áirítear forbairt agus nuashonrú leanúnach ar chlár na printíseachta.

án (ISO) agus An Foras Eorpach um Bainistíocht Cáilíochta (EFQM). Aithnítear go hartha Q) agus Feabhas Trí Dhuine (ETP)- FÁS. Tá dearbhú cáilíochta faighte ag na Oiliúna (FETAC) nó ó Chomhairle na gCáilíochán Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC). chán seo.

Nuálaíocht Seirbhísí agus Clár

Tabharfaidh FÁS nuálaíocht isteach ar a chuid Clár agus Seirbhísí le linn don Ráiteas Straitéiseach seo a bheith i bhfeidhm. Áirítear leis na cinn is tábhachtaí ná:-

- Ag cur tionscnaíocht 'One-Step Up' i bhfeidhm dóibh siúd atá i mbun fos taíochta. Cuirfear béim faoi leith ar oib rithe le scileanna ísle, ar phá íseal agus ar oibrithe níos sine.
- Breis gníomhaíochta agus buiséad chun cur le scileanna earnálacha sonracha den fhórsa oibre.
- Ag cur le saineolas díolacháin agus margaíochta cuideachtaí de chuid na hÉireann, i gcomhar le Fiontar Éireann.
- Ag cur leis an méid a ghlacann leis an gClár um Fhorbairt Cumais d'fhostaithe sonracha.
- Ag cur le clár na printíseachta agus ag forbairt cúrsaí printíseachta nua.
- Ag cur oiliúna bunúsaí agus scileanna níos solúbtha ar fáil.
- Ag cur i bhfeidhm na moltaí san athbhreithniú ar an bpróiseas tagartha sa Phlean Gníomhaíochta um Fhostaíocht i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.
- Ag cur i bhfeidhm na Straitéise um Sheirbhísí Fostaíochta chun teagmháil réamhghníomhacha dhéanamh le fostóirí.
- Ag tabhairt daoine agus grúpaí soghonta isteach i gcláir ghairmoiliúna agus fostaíochta.
- Ag díriú ar thionscnaíochtaí a bhaineann le coimeád le haghaidh daoine dífhostaithe a fhaigheann míchumas nó tinneas ainsealach.
- Ag baint feidhme as dearcadh atá dírithe ar dhaoine ar chláir atá bunaithe i bPobail.

Cláir agus Seirbhísí ar Chaighdeán Níos Airde

Éilíonn custaiméirí amanna freagartha níos sciobtha anois, breis eolais agus eolas níos fearr agus bíonn siad ag súil le seirbhísí níos fearr ó FÁS. Anuas air sin, de réir an Achta um Cháilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999, ní mór do sholáthraithe oiliúna, FÁS san áireamh, rathú caighdeáin a fháil le haghaidh clár oiliúna agus iad a bheith ceadaithe ag an gComhairle um Dhámhachtain Breisoideachais agus Oiliúna (CDBO) nó, nuair is cuí, ag an gComhairle um Dhámhachtain Ardoideachais agus Oiliúna (CDAO).

Tá creat náisiúnta bunaithe ag FÁS chun bainistíocht a dhéanamh ar chaighdeáin agus ar fheabhsú leanúnach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais custaiméirí. Is éard is aidhm leis an gcreat seo ná a chinntiú go mbeidh FÁS ina sholáthraí oiliúna atá ceadaithe ag CDBO agus CDAO agus go mbronnfar caighdeán EDC 9001:2001, caighdeán 'Comhartha Q' de chuid Foirfeacht Éireann Teo agus caighdeán Acmhainní Daonna Fás 'Foirfeacht Trí Dhaoine' air. Tá dul chun cinn nach beag déanta in áiteanna éagsúla cheana féin. Agus an eagraíocht agus caighdeán a chuid Clár agus Seirbhísí á ráthú ar an mbealach seo, léiríonn FÁS a rún le, agus a dhóchas as, na Caighdeáin seo chun

s Luachanna Bunúsacha

a a bhaineann le margadh an tsaothair a chur
hraitheann orainn chun freastal a dhéanamh ar
air agus forbairt gairme. In FÁS, creideann muid
nár bhFís agus ár Ráiteas Bunchuspóra faoi mar

a bhaineann le margadh an tsaothair.

chur chun cinn i gcomhar lenár ár gcuid
oine agus fiontar.

Bunúsacha seo a leanas agus treoraíonn siad an
alach ina gcuireann muid Cláir agus Seirbhísí
ealbhóirí.

Léirítear Cúram, Cuimsithea

chultúr corparáideach a chothaíonn meas frith
a thugann gach ball den fhoireann agus gach
gach Beartas, Clár agus Seirbhís maidir le com
peallachta oibre atá sábháilte agus inrochtana
fad; arna thacú le beartais agus

Léirítear Seirbhís Réamhghn

ghlacadh le dearcadh réamhghníomhach i
na gcustaiméirí agus fadhbanna oibríochta.
shainaithint fhrithpháirteach de riachtanais a
bhaint amach. Ag glacadh le meon aign

Léirítear Nuálaíocht

Forbairt Clár agus Seirbhísí cruthaitheacha a dh
mhargadh. Ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm
nuálaíocht agus solúbthacht chun aghaidh a tha
istigh den eagraíocht. San am céanna, coinneoi

Léirítear Muinín agu

Bheith oscailte, macánta agus gan chlaon
gcustaiméirí agus ár ngeallsealbhóirí. Ag tacú
Ag tacú le hobair i gcomhpháirtíocht in F
n bhfoireann, leis na ceardchumainn, leis n
agus le c

Léirítear ga

Ag Seachadadh ár gcuid Clár agus Seirbhísí ar
cur tagarmhairc orthu de réir caighdeár

Léirítear éifeachtach

Ag déanamh gnó FÁS ar mhodh críonna i gc
agus na bainistíochta ar riosca is fearr. Ag c
airgid san obair a dhéanann muid ag baint am
is fearr de réir a

FÁS – An tÚdarás Náisiúnta um Oiliúint & Fostaíocht
27-33 Sráid Bhagóid Uachtarach, Baile Átha Cliath 4, Éire
Fón + 353 (0) i 607 0500 Facs + 353 (0) 1 607 0600

Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar **www.fas.ie**
no seol ríomhphost go **info@fas.ie**

Tá gníomhaíochtaí FÁS maoinithe ag Rialtas na hÉireann, An Ciste Náisiúnta Oiliúna agus an tAontas Eorpach